Gaelscoil Mhuscraí

Ár bPlean Foghlamtha Dhigiteach Bliantúil

Scoilbhliain 2025/2026

Déantar taifead sa doiciméad seo ar thorthaí ár bplean foghlama digití reatha, lena n-áirítear na spriocanna agus na gníomhartha a chuirfimid i bhfeidhm chun cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fheabhsú trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha. Bhí an plean seo bunaithe ar 'Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027' na Roinne Oideachais agus ar an gCreat Foghlama Digití.

1.1 Sonraí na Scoile:

Is Gaelscoil chomh oideachasúil í Gaelscoil Mhuscraí suite sa Bhlárnan. Tá 195 dalta le 11 múinteoir scoile. Tá 7 seomra ranga againne agus beirt mhúinteoir tacaíocht foghlama agus múinteoir tacaíocht foghlamtha roinnte le scoil eile. Tá dhá sheomra uathachais againn. Tá 5.75 chúntóir riachtanais speisialta againn. Tagann formhór de na daltaí ón bhaile an Bhlárnan nó an cheantar máguaird.
Tá 9 rang le ríomhaire glúine ceangailte le clár bán idirghníomhach nó le scáileán idirghníomhach – seomraí uathachais san áireamh. Bíonn a ríomhaire glúine féin ag múinteoirí tacaíocht foghlama. Tá gach ríomhaire ceangailte leis an bprintéir sa seomra fóirne.
Tá PC ag an Rúnaí scoile. Tá printéir in oifig an Rúnaí agus tá ceann in airde staighre in aice an seomra fóirne. Tá ríomhaire glúine ag an bPríomhoide.
Tá beart de 30 ipad coimeádta i mboscaí cuí i trollaí luchtaithe in oifig beag in airde staighre.
Bíonn a ríomhaire/ iPad féin ag páistí áirithe molta ag an SENO. Tá 3 uirlisí amhairc (visualisers) i seomraí ranga áirithe. Tá gléas cinn ag cúpla múinteoir ranga.

1.2 Fís Foghlama Digití na Scoile :

- Is Gaelscoil Caitliceach í Gaelscoil Mhuscraí faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta na Scoileanna lán Ghaeilge. Mana na scoile isea 'Mol an óige 'is Tiocfaidh sí' – a threoraíonn gníomhaíochtaí scoile.
- Tá Plean Digiteach riachtanach mar is scil ríthábhachtach í an teicneolaíocht san lá atá inniu ann chomh maith le bheith ina acmhainn thábhachtach oideachasúil i dteagasc agus i múineadh na bpáistí
- Chun go mbeidh na páistí gníomhach agus dírithe ina gcuid foghlama ag úsáid uirlisí dhigiteacha.
- Chun an teicneoláiocht a aithint mar áis chun samhlaíocht agus cruthaitheacht na bpáistí a fhorbairt maraon le scileanna fadhb-réiteach agus criticiúla.

- Chun cultúr teicneolaíochta shábháilte a fhorbairt sa scoil a leagann an bhéim ceart ar an gcothromaíocht idir teicneolaícht agus folláine an pháiste agus a chabhraíonn leis an nasc a fhorbairt idir an baile agus an scoil.
- Chun an tionchar dearfach ag teicneolaíocht a aithint ar fhoghlaim roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu.
- Go mbeadh múinteoirí na scoile muinínach agus compórdach agus iad ag úsáid an teicneolaíocht ar scoil

1.3 Cuntas gairid ar na láidreachtaí atá againn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú inár scoil :

- Foghlaim agus Múineadh:
  Úsáideann na páistí an teicneolaíocht do thaighde do thionscnamh; do chló scríobh; chun taifead a thógaint den obair bhaile; chun teacht ar aipeanna áisiúla don fhoghlaim.
  Úsáideann na Múinteoirí scáileáin idirghníomhacha, físeáin ar-líne, grianghrafanna agus áiseanna oideachasúla ar-líne ina dteagasc.
  Bíonn seimineár gréasáin ar siúl go minic tríd na scoile do mhúineadh/ don fhoghlaim/ do thaifead ar fhoghlaim le linn gnáth lá scoile m.sh tráth na gceist Seachtain na Mata, seimineár ar shábháilteacht ar an bóithre.
  Úsáideann na páistí Aipeanna áirithe cosúil le Jolly Phonics, Séideán Sí, Cód na nGaeilge' agus 'Hit the Button' chun an obair ranga a threisiú agus úsáídtear aipeanna cosúil le Bookcreator chun scileanna cruthaitheach scríbhneoireachta na bpáistí a chur chun cinn.
  Ipads in úsáid go rialta sna seomraí uathachais agus sa tacaíocht foghlama chun freastail ar riachtanaisí foghlama na bpáistí.
  Typing.com, TTRS agus Nessy Learning mar chuid dena háiseanna teagaisc sa tacaíocht foghlama dírithe ar phaistí le riachtanaisí foghlama.
  Class Dojo in úsáid i gcúpla seomraí ranga
  Úsáidtear Kahoot mar uirlis measúnaithe i gcúpla seomraí ranga
  Baineann múinteoirí úsaid as Book Creator don scríbhneoireacht, Capcut chun físeán a dhéanamh agus Wordwall do chluichí gramadaí/tíreolaíochta (Suirbhe Múinteoirí)
- Úsáidtear tiomántán Google chun pleananna, polasaithe agus scéimeanna a roinnt agus a choimeid le chéile.
  Tá ríomhphost scoile ag gach múinteoir scoile. Déantar teagmháil leis an bhfoireann scoile tríd an ríomhphost seo de ghnáth.
  Úsáidtear an bogearra Aladdin Connect. Coimeádtar tinreamh, measúnú caighdeánach, sonraí ginearálta agus oideachas speisialta ar fhillteáin na bpáistí agus déantar teagmháil idir múinteoirí agus tuismitheoirí ar Aladdin, de ghnáth.
  Úsáideann múinteoirí sna bun ranganna an Aip Aladdin chun obair bhaile na bpáistí a chur in iúl do thuistí.
  Úsáidtear Instagram na scoile chun Nuacht na scoile a chraoladh i measc an phobail scoile agus an phobail dhigiteach.
  Oíche ar chíbearbhulaíocht agus ar shábháilteacht ar líne eagraithe d'thuismitheoirí agus do ranganna do pháistí 3 – 6 mar chuid den chlár 'Scoil gan Gutháin Cliste' a bhí bunaithe sa scoilbhliain 2023/2024. Aoí-chainteoir Ger Brick ó 'Inetsafetytalk' eagraithe.
  Tagann Garda an phobal isteach go bliantúil chun caint le ranganna 5 & 6 faoi shábháilteacht ar an idirlíon.
  Tá PUII/ AUP i bhfeidhm chun sábháilteacht ar líne na bpáistí agus na fóirne a chinntiú (Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar seo mar chuid den phlean seo).

Úsáidtear Whats App scoile do theagmháil eigeandála i rith an lae scoile, chun eolas a roinnt faoin scoil agus do chúiseanna shóisialta. Úsáidtear suíomh ghréasáin na scoile chun pictiúr den scoil a thabhairt ar líne do thuismitheoirí agus don phobal agus chun polasaithe na scoile a chur fé bhráid na dtuistí.

- D'fhreastail cúigear ar an bhfoireann ar thraenáil Kinia ar chonas podchraoladh a dhéanamh agus fuaire an scoil fearas podchraoladh as seo.

1.4 Cuntas gairid ar infrastruchtúr teicneolaíochta digiteacha na scoile:

- Tá ríomhaire glúine ag gach múinteoir atá ceangailte le clódóir na scoile.
- Tá Smartboards i 7 amach as na 9 seomraí ranga atá againn le gnáth clár bán idirghníomhach i dhá sheomraí ranga.
- 30 ipads ag an scoil i trollaí luchtaire soghluaiste ar fáil in airde staighre.
- Córas 'Jamf' in úsáid chun bainistiú a dhéanamh ar na Ipads.
- Roinnt páistí le ríomhaire glúine nó Ipads tríd an scéim NSCE teicneolaíocht cúnta.
- Tá 3 uirlisí amhairc (visualisers) i seomraí ranga áirithe.
- Tá gléas cinn ag cúpla múinteoir ranga.
- Tá 3 ceallairí Bluetooth sa scoil gur féidir úsáid a bhaint as.
- 8 fearas podchraoladh.
- Comhairle agus cúnamh ó DCE Computers maidir le crua-earraí scoile.
- Suíomh scoile www.gaelscoilmhuscrai.ie ina bhfuil uasdátú rialta déanta air.

2. Fócas an Phlean Foghlama Digití seo

Thugamar faoi mheastóireacht foghlama digití inár scoil ón tréimhse *Samhain 25* go *Feabhra 26* . Rinneamar measúnú ar ár ndul chun cinn trí úsáid a bhaint as na foinsí fianaise seo a leanas:

- Comhairliúcháin ó Ruairí MacConduibh, ceannaire foghlama gairmiúil maidir le cúrsaí dhigiteacha ó Oide. (Feabhra 2026)
- Ceistneoir ar dhaltaí i Rang 3-6
- Ceistneoir ar mhúinteoirí scoile.
- Cruinniú fóirne ag plé cúrsaí dhigiteacha agus punanna digiteacha

2.1. 2.2 Beimid ag díriú ar na gnéithe agus na réimsí seo chun feabhas a chur ar ár gcleachtas foghlama digití amach anseo

Gné 1: Teagasc agus Foghlaim	**Gné 2: Ceannaireacht agus bainistiú**
Torthaí d'fhoghlaimeoirí Eispéiris foghlaimeoirí Cleachtas múinteoirí aonair Cleachtas comhchoiteann múinteoirí	An fhoghlaim agus an teagasc a threorú An eagraíocht a bhainistiú Forbairt na scoile a threorú. Ag forbairt cinnearachta

3 Plean Gníomhaíochta don Fhoghlaim Dhigiteach. (2025/2026)

Diminsean: Ceannaireacht & Bainistiú	**Réimse: An eagraíocht a bhainistiú**
Caighdeán: Timpeallacht foghlama atá eagraithe, sábháilte agus sláintiúil a chur ar bun, agus an timpeallacht sin a chothú trí chumarsáid éifeachtach	
Ráiteas Cleachtais/Ráitis Chleachtais: Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí i bhfeidhm le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí a chinntiú le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile.	
SPRIOC(ANNA) : ● PUII athbhreithnithe ● Go mbeidh gach ball fóirne ar an eolas faoin PUII athbhreithnithe agus go bhfuil sé á leanúint ar scoil ● Go mbeidh gach dalta ar an eolas féna rialacha a bhaineann le úsáid an idirlíon agus go mbeidh ceachtanna ar shábháilteacht ar líne á mhúineadh i ngach seomra ranga ar leibhéal atá in oiriúint don aoisghrúpa sin ag baint úsaid as áiseanna Webwise. ● Go dtugtar aitheantas do Lá Sabháilteachta Idirlín i mí Feabhra gach bliain.	

Is gníomhaíochtaí sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus ama gníomhaíochtaí, a bheidh ag teastáil chun an sprioc sin a bhaint amach.

GNÍOMHARTHA (Cad is gá a dhéanamh?)	**CRITÉIR RATHA** (Cad iad na torthaí atá ag teastáil?)	**DAOINE FREAGRACHA** (Cé atá chun é a dhéanamh?)	**FRÁMA AMA** (Cathain a bheidh sé curtha i gcrích againn?)	**GNÍOMH CURTHA I GCRÍCH?**

PUII na scoile ó 2014 a bheith uasdátaithe	PUII uasdátaithe curtha i gcríoch roimh dheireadh na scoilbhliana 2026.	Príomhoide Foireann na Scoile Bord Bainistíochta	Meitheamh 2026	
Monatóireacht cuí ar úsáid an idirlíon sna seomraí ranga agus gach páiste ar an eolas féna rialacha a bhaineann le úsáid an idirlíon	Gach múinteoir ar an dtuiscint céanna féna rialacha maidir le úsáid an idirlíon ar scoil ag na páistí. Postaeir féna rialacha le feiscint i ngach seomra ranga. Lá na sábháilteachta idirlíon a aithint gach Feabhra le gníomhaíochta ranga cuí ar siúl ó Webwise.	Foireann na scoile Comhairle na nDaltaí	Ar siúl	Téarma 3 sa phlean OSPS – ceachtanna ó Webwise molta cheana féin.
Athbhreithniú déanta ar an bpolasaí ar Chosaint Sonraí más gá	Polasaí ar Chosaint Sonraí uasdátaithe roimh dheireadh na scoilbhliana más gá.	Príomhoide Foireann na Scoile Bord Bainistíochta	Meitheamh 2026	
NÓSANNA IMEACHTA MONATÓIREACHTA & MEASTÓIREACHTA Conas a dhéanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn? An gá dúinn coigeartuithe a dhéanamh? An bhfuil ár sprioc(anna) bainte amach againn? Cá bhfios dúinn?				
Beidh PUII uasdaithe curtha i bhfeidhm tríd na scoile. Beidh treoirlínte ann gur chóir leanúint ag múinteoirí ranga & cúntóirí nuair atá páistí ag úsáid an idirlíon. Beidh na daltaí ar an eolas fé rialacha a bhaineann le úsáid an idir líon ar scoil. Áiseanna ó Webwise a úsaid chun cabhrú leis an sprioc seo. Beidh an polasaí cosaint sonraí uasdáthaithe más gá agus curtha i bhfeidhm ag an bhfoireann ar fad.				

3. 1 Plean Gníomhaíochta don Fhoghlaim Dhigiteach (2025 – 2027)

Diminsean: Teagasc agus Foghlaim	**Réimse: Éispéiris foghlaimeoirí**

Caighdeán: Déanann daltaí machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad úinéireacht áirithe ar a bhfoghlaim agus freagracht áirithe aisti
Ráiteas Cleachtais/Ráitis Chleachtais: Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, a ndul chun cinn a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh air, agus a n-inniúlacht a fhorbairt mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha
SPRIOC(ANNA) : ● Beidh punanna digiteacha cruthaithe do gach páiste. Beidh fianaise bailithe d'fhoghlaim an pháiste agus deis tugtha dona páistí a ndul chun cinn a thaifead agus a mheas.

Is gníomhaíochtaí sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus ama gníomhaíochtaí, a bheidh ag teastáil chun an sprioc sin a bhaint amach.

GNÍOMHARTHA (Cad is gá a dhéanamh?)	**CRITÉIR RATHA** (Cad iad na torthaí atá ag teastáil?)	**DAOINE FREAGRACHA** (Cé atá chun é a dhéanamh?)	**FRÁMA AMA** (Cathain a bheidh sé curtha i gcrích againn?)	**GNÍOMH CURTHA I GCRÍCH?**
Foghlaim ghairmniúil maidir le punanna digiteacha ó Oide Go mbeadh múinteoirí ranga in ann obair na bpáistí a uaslódáil ar an árdáin cuí agus aiseolas cuí a thabhairt air.	Go mbeadh páistí cláraithe le punanna digiteacha roimh dheireadh na scoilbhliana 2025/2026 Bailíonn múinteoirí fianaise ar obair na bpáistí le taispeáint ar an árdáin.	Comhairleor Oide Stádas Admin - Príomhoide & leas-phríomhoide na scoile. Múinteoir ranga	Feabhra 2026 Téarma 3 den scoilbhliain 2025/2026	

Go mbeadh páistí sna meán agus árd ranganna in ann ábhair a uaslódáil ar an árdáin gach mí agus a n-aiseolas féin a thabhairt ar a n-obair.	Faigheann daltaí i R2-6 deis a ndul chun cinn a thaifead agus é a mheas. Is féidir lena páistí a n-obair a roinnt lena múinteoirí agus daltaí eile.	Daltaí scoile i R2-6.	Téarma 3 den scoilbhliain 2025/2026	

NÓSANNA IMEACHTA MONATÓIREACHTA & MEASTÓIREACHTA

Conas a dhéanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn? An gá dúinn coigeartuithe a dhéanamh? An bhfuil ár sprioc(anna) bainte amach againn? Cá bhfios dúinn?

Déanfar athbhreithniú ar an bplean seo ag deireadh na scoilbhliana 2026. Beifear ag faire ar dhul chun cinn na gnéithe seo a leanas:

1. Fianaise go bhfuil obair na bpáistí curtha i gcríoch agus curtha suas ar an ardán cuí. (in ábhair amháin).
2. Fianaise le feiscint ar mhachnamh an pháiste ar a gcuid foghlamtha laistigh dena epunanna digiteacha.
3. Obair ar na punanna digiteacha cláraithe sa chuntas míosúil
4. Aiseolas na múinteoirí i gcruinniú fóirne

Ruairí MacConduibh, ó Oide ar an 9/2/26 chun oiliúnt foirne a thabhairt ar ePunanna ar Google Classroom agus chun comhairle a thabhairt ar an bplean dhigiteach.